# Nuacht Litir

Scoil Cholmcille Ros a' Mhíl

# Nollaig 2015

**Fáilte** roimh na gasúir nua:



Alex, Keelan McD, Eabhan, Siobhán, Lúcás, Omar, Méadhbh, Shane agus Aoibhinn.

**Geansaithe na Gaillimhe 4/9/15**

Bhí lá gan éadaí scoile againn nuair a ghléas na gasúir suas i



ndathanna na Gaillimhe roimh an cluiche idir Gaillimh agus Cill Chainnigh. Bhailigh muid €130 i gcomhair Cancer Care West.

**Tras Tíre 22/9/15**



Chuaigh rang 3,4 agus 5 chuig rás reathaíochta tras tíre i nGaillimh. Rinne rang 3 agus 4 800m agus Rang 5 1000m. Rinne siad an-iarracht. Maith sibh!

**Maidin Caife : Croí 2/10/15**



Bhí Maidin Caife ar mhaithe le Croí againn. Thug na gasúir isteach go leor cácaí! Tháinig go leor daoine as an gceantar. Rinne muid €510!!!

Tháinig Barry Mc Cann ó Chroí isteach leis an seic a bhailiú.




Go raibh míle maith agaibh a ghasúir agus a thuismitheoirí!!

**Iarracht ar Churiarracht Dhomhanda 5000m 7/10/15**

Rinne na gasúir an rás thuas agus bhí an-lá acu! Ghlac Rang 1,2,3,4 agus 5 páirt sa relay. Is muide an t-aon bhunscoil in Éirinn a bhí ag déanamh an rás seo. Bhí 4 ghrúpa ann. Tháinig Grúpa Gorm sa gcéad áit le 20.49 nóiméad. Níor bhris muid an 'record' ach rinne muid



an-iarracht! Bhí Donncha Mac Con Iomaire ón raidió ann agus Seán Ó Mainnín ag tógáil pictiúr. Bhí muid sa Connacht Tribune, Connemara Journal agus ar Tuairisc.ie!!!!

**Barbaró**

Chuaigh an scoil uile go dtí Gaillimh le Barbaró a fheiceáil. Chuaigh Rang Síle chuig ceardlann ealaíne agus ansin chuig an dráma 'Paper World'. Chuaigh Rang Mhíchíl agus Rang Shinéid chuig an Sky Dome. Bhain na gasúir go léir taithneamh as!



**Rás 5K 23/10/15**

Fuair Rang 5 cuireadh ó Scoil Chuimsítheach Chiaraín le haghaidh rás 5K a dhéanamh. Chuaigh Chloe, Lorcán, Ailbhe, Tomás Óg, Rachel agus Dylan (agus Kirstie!) ann. Fuair muid fliuch báite ach rinne na gasúir an-iarracht! Fair play daoibh!!!




**Oíche Shamhna**

Ghléas na páistí suas le haghaidh Oíche Shamhna ar an lá deiridh roimh an tsosa. Rinne siad cluichí beaga agus bhí seó faisin againn le haghaidh na cultacha éagsúla a thaispeáint do na gasúir eile!



**Super Troopers**

Thosaigh muid an clár Super Troopers i mbliana mar tá muid ag iarraidh níos mó béime a chur ar aclaíocht. Tá go leor déanta ag an scoil faoi láthair agus anois tá seans ag na tuismitheoirí a bpáirt a ghlacadh. Níl ann ach 30 nóiméad aclaíochta atá i gceist chuile oíche. Beidh na páistí níos sláintiúla amach anseo má chuireann muid an iarracht isteach anois.

**Lá Skip 'n' Rope 9/11/15**

Bhí Lá Scipeáil ag na gasúir nuair a tháinig Mark as 'Skip 'n' Rope' chuig an scoil. Rinne na páistí go leor cleasanna agus bhí seans acu a scileanna a thaispeáint do chuile dhuine eile.



**Boscaí Hope**

Míle buíochas ag dul do chuile dhuine a ghlac páirt i Team Hope i mbliana. Bhailigh muid timpeall 25 bosca ar fad ón scoil. Ná lagar Dia sibh!

**Atlantquaria**

Tháinig Joanne Casserly ón Atlantaquaria agus thug sí léi éisc, áit ar líon muid an t-uisceadán agus a chur muid éisc isteach ann. Bhí an t-ádh orainn gur éirigh linn a bheith páirteach san 'Explorers Programme' atá ag an Atlantaquaria agus tá muid fíor bhuíoch dóibh.



**Stéibh 2016**

Ghlac ranganna 3,4 agus 5 páirt i gcomórtas amhráin nuachumtha i mbliana i gcomhair Stéibh 2016. Scríobh Tomás Mac Con Iomaire an t-amhrán 'Ros a' Mhíl deas Gaelach' agus í Nóirín a chur an fonn leis. Thaiféad muid thuas ag an séipéal é. Comhghairdeas le chuile dhuine a ghlac páirt!

**Brat na hÉireann 26/11/15**

Tháinig ionadaithe ó hÓglaigh na hÉireann le haghaidh brat na

hÉireann a bhronnadh ar an scoil. Léigh Rang a 5 sliocht as an bhforógra agus ghlac Rachel Nic Dhonnacha, an páiste is sine agus Aoibhinn Ní Sheaghdha an páiste is óige, an brat agus an forógra. Beidh an brat le cur suas againn roimh na Cásca 2016 le cúnamh Dé



**MS Readathon**

Rinne muid MS Readathon i mbliana. Bhailigh muid €695 i gcomhair doaine le Multiple Sclerosis. Go raibh míle maith agaibh!

**Dráma na Nollag 9/12/15**

Rinne na gasúir uile dráma na Nollag sa séipéal le Cór Chois Farraige i mbliana. Tháinig na sluaite amach agus bhí atmaisféar fíor speisialta ann! Bhí muid an-bhrodúil as na gasúir ar fad!!!!



**Maidin Caife - Hoispís na Gaillimhe 18/12/15**

Beidh Maidin Caife againn i gcomhair Hoispís na Gaillimhe ar an 18 Nollaig. Beidh na gasúir ag canadh carúl na Nollag taobh amuigh de Tigh Thadhg agus ag bailiú airgid le haghaidh an cúis thábhachtach seo. Fáilte roimh chách!

*Ba mhaith liom tacú leis an deis seo mo mhíle buíochas a ghlacadh le foireann na scoile. Mar a fheiceann sibh, tá go leor obair déanta an téarma seo againn agus murach go bhfuil an fhoireann sásta a gcuid ama féin a thabhairt ní éireoidh linn. Míle buíochas Mícheál Antoine, Mary, Sinéad, Mary, Nóirín, Linda agus Barbara*

*Comhghairdeas freisin le na gasúir álainn atá anseo sa scoil againn. Oibríonn sibh go crua agus tá muid fíor bhródúil asaibh.*

*Ag guí Nollaig mhór mhaith oraibh ar fad,*

*Síle Nic Con Iomaire*

Athoscailt: Céad.6/1/16